AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.9.2026
COM(2026) 492 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh

RÉAMHRÁ

Le Treoir 2014/68/AE[1] leagtar síos ceanglais maidir le dearadh agus monarú brú-threalaimh agus cóimeálacha ag a bhfuil uasbhrú incheadaithe (PS) is mó ná 0,5 bar agus maidir le measúnú comhréireachta an bhrú-threalaimh agus na gcóimeálacha sin. Faoi Airteagal 45 den Treoir cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ítim nó fine de bhrú-threalamh dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a dheartar agus a mhonaraítear i gcomhréir le cleachtas innealtóireachta fónta Ballstáit a chur faoi réir na gceanglas fíor-riachtanach sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir mar a léirítear in Airteagal 4(1) den Treoir;

- cóimeáil nó fine de chóimeálacha dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a dheartar agus a mhonaraítear i gcomhréir le cleachtas innealtóireachta fónta Ballstáit a chur faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir mar a léirítear in Airteagal 4(2) den Treoir;

- ítim nó fine de brú-threalamh a aicmiú i gcatagóir eile, de mhaolú ar cheanglais Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir.

BUNÚS DLÍ

Ceanglaítear an tuarascáil seo a dhéanamh faoi Airteagal 46(2) de Threoir 2014/68/AE. De bhun na forála sin, tugadh an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 1 Meitheamh 2015, agus ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta sin ag deireadh gach tréimhse.

Tar éis na tuarascála roimhe sin a ghlac an Coimisiún in 2020, agus in éagmais aon chur i gcoinne ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle, cuireadh síneadh go hintuigthe le tarmligean na cumhachta go ceann tréimhse 5 bliana. Dá bhrí sin, tá gá le tuarascáil nua chun go bhféadfar síneadh a chur le tarmligean na cumhachta arís go ceann tréimhse bhreise 5 bliana.

AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Ó tháinig Treoir 2014/68/AE i bhfeidhm, níor bhain an Coimisiún leas as a chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Mar sin féin, na cúiseanna a thug ar na comhreachtóirí an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, is cúiseanna bailí iad fós agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún leas a bhaint as an gcumhachtú sin amach anseo. Mar shampla, déanann údaráis na mBallstát um fhaireachas margaidh ábhair imní faoi shábháilteacht roinnt táirgí núíosacha a chuirtear ar an margadh a thuairisciú go tréimhsiúil. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis na táirgí sin a athaicmiú chun iad a chur faoi réir ceanglais níos déine. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Coimisiún leas a bhaint as a chumhachtú i ndáil leis na táirgí sin.

---

[1] Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (IO L 189, 27.6.2014, lgh. 164-259).

CONCLÚID

Creideann an Coimisiún gur cheart síneadh a chur le tarmligean na cumhachta chun na gníomhartha tarmligthe a thugtar tuairisc orthu in Airteagail 45 agus 46 de Threoir 2014/68/AE a ghlacadh. Le hAirteagal 46(2) den Treoir, foráiltear go ndéantar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.